**RABHADH**

**An bhileog seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar - sin nó caillfear marcanna.**

**M.58AT**

# An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2000

## DÉ CÉADAOIN 21 MEITHEAMH, 9.30 – 12.00

## EACNAMAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN A (100 MARC)

**Scrúduimhir**

| |
|---|
| |

**<u>RABHADH</u>**

**An bhileog seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar - sin nó caillfear marcanna.**

## ROINN A (100 MARC)

Freagair do rogha **<u>sé cheist</u>**:

**1.** An **'Toisc Táirgeachta'** agus an **'Íocaíocht as an Toisc'** a chur sa bhosca cuí laistíos:

| **<u>Tosic Táirgeachta</u>** | | **<u>Íocaíocht</u>** |
|---|---|---|
| Talamh | ⟷ | |
| | ⟷ | Tuarastail |
| | ⟷ | Ús |
| Fiontar | ⟷ | |

(16 marc)

**2.** Céard is brí le **'caiteachas caipitil'** i mBuiséad an Rialtais?

____________________________________________________________

____________________________________________________________

Tabhair sampla <u>AMHÁIN</u> de chaiteachas den tsórt seo ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

____________________________________________________________

(16 marc)

**3.** Céard is brí le **'Earra Ionaid'** <u>agus</u> le **'Earra Comhlántach'**?

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(16 marc)

**4.** Céard é an teolas eacnamaíoch a thugann siad seo a leanas dúinn?

(i) An C.P.I. ________________________________________________

(ii) Clár na Dífhostaíochta Beo ____________________________________

(16 marc)

**5.** Abair cé acu **SEASTA** nó **ATHRAITHEACH** atá na costaisí seo faoi seach:

Cíos....................................................... __________________________

Amhábhair.......................................... __________________________

Tuarastail (oibrithe monarchan).......... __________________________

Rátaí ar Fhoirgnimh............................ __________________________

(16 marc)

**6.** Luaigh <u>CEITHRE</u> saintréithe atá ag structúr margaidh atá **<u>Iomaíoch go Neamhfhoirfe.</u>**

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(17 marc)

**7.** Líon na bearnaí ins na habairtí seo:

Dar le dlí an éilimh, nuair a mhéadaíonn an praghas, bíonn an méid ar éileamh ag

_____________. Is earraí _____________________________________ na hearraí a

chomhlíonann an dlí seo. Is earraí _________________________ iad na hearraí ná

comhlíonann an dlí seo.

(17 marc)

**8.** Mínigh go hachomair 'Áirgiúlacht Theorannach'.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

Má bhíonn 80 util mar áirgiúlacht iomlán ag tomhaltóir as 10 n-aonad de tháirge áirithe, agus 86 util as 11 aonad ídithe, cén áirgiúlacht theorannach atá ag an 11ú aonad (in util)?

____________________________________________________________

(17 marc)

**9.** Tá fás an-ard ar gheilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas. Mínigh céard is brí le “fás ar gheilleagar”?

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

(17 marc)

M. 58T

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2000

# EACNAMAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**400 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 - 12.00

Freagair SÉ CHEIST as Roinn A agus CEITHRE CHEIST as Roinn B. Beidh marcanna le gnóthú as ábhar na bhfreagraí a bheith soiléir agus cruinn agus in ord.

---

**ROINN A (100 marc)**

Tá an Roinn seo ar bhileog faoi leith agus spás dos na freagraí uirthi. **Ba cheart an bhileog in iomláine a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deire an srúdaithe**.


---

**ROINN B (300 marc)**

CEITHRE cheist a fhreagairt. Tá an líon chéanna marcanna (.i.75) acu uilig. Tabhair faoi deara go bhfuil fo-chodanna ins na ceisteanna.

# <u>ROINN B</u> (300 marc)

**1.** Léirítear anseo cothromaíocht fhadtréimhseach comhlachta, i margadh atá in **'Iomaíocht Fhoirfe'**.




MÉANCHOSTAS

**(a)** **(i)** Cuir cóip den léaráid sa fhreagarleabhar. Cuir lipéidí soiléire ar na línte uimh. 1 go dtí 4.

**(ii)** Taispeáin ar do léaráid:

- cothromaíocht aschuir na comhlachta (lipéad Q).
- méanchostas táirgeachta ar an aschur seo (lipéad C).
- an praghas a dháilfear ar an aschur seo (lipéad P).

**(iii)** Cé acu brabús normálta nó brabús mínormálta atá á léiriú anseo? Mínigh é seo, le tagairt don léaráid lastuas.

(30 marc)

**(b)** Déan comparáid idir **<u>Iomaíocht Fhoirfe</u>** agus **<u>Monaplacht</u>** i structúir an mhargaidh maidir leis na cúinsí seo:

- líon na gcomhlachtaí i ngach <u>tionscal</u>.
- an dealramh atá ar chuar an éilimh <u>sa chomhlacht</u> i ngach structúr. (Féadann tú úsáid a bhaint as léaráidí, mas mian leat)

(20 marc)

**(c)** Le déanaí in Éirinn tá na comhlachtaí stáit ag dul ar threo na príobháidithe.

**(i)** Cén bhrí atá ag **'príobháidiú'**?

**(ii)** Ainmnigh comhlacht mór ar bith a príobháidíodh <u>le déanaí</u> in Éirinn.

**(iii)** Luaigh agus mínigh an tionchar a bheadh ag príomháidiú ar **<u>DHÁ CHEANN</u>** díobh seo: (<u>POINTE AMHÁIN I NGACH CÁS</u>)

- ar an chomhlacht príobháidithe
- ar thomhaltóirí an táirge nó na seirbhíse
- ar na fostaithe sa chomhlacht príobháidithe.

(25 marc)

**[75 mharc]**

**2.** **(a)** Is iad seo na nithe a athraíonn cuar an éilimh:


- méadú ar ioncam tirim na dtomhaltóirí
- laghdú ar phraghas earra ionaid
- laghdú ar phraghas earra comhlántaigh.

Déan cóip den léaráid thall a chur i do fhreagarleabhar.

Tóg do rogha **<u>DHÁ</u>** thoisc díobh sin thuas agus in **<u>ngach</u>** cás:

**(i)** Léirigh an t-athrú i gcuar an éilimh.

**(ii)** Mínigh cén fáth gur athraigh an cuar sa treo atá léirithe.




**NÓTA:** Tá léaráid ar leith riachtanach ins gach cás.

(20 marc)

**(b)** "Is eisceacht amháin iad na toitíní do Dhlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithe. Fosta, is earraí neamhleaisteacha iad."

**(i)** Mínigh cén fáth gur eisceacht iad na toitíní do Dhlí na hAirgiúlachta Imeallaí Laghdaithe.
**(ii)** Abair, go hachomair, céard is earra "neamhleaisteach"?
**(iii)** Cén fáth gurbh fhearr le rialtas cáin a leagadh ar earra neamhleaisteach seachas ar earra leaisteach?

(30 marc)

**(c)** Abair nach bhfuil ach dhá tháirge ag feirmeoir mairteóil agus cruithneacht. Luaigh <u>agus</u> mínigh cén tionchar a bheadh ag **<u>DHÁ CHEANN</u>** díobh seo ar **<u>SHOLÁTHAR NA CRUITHNEACHTA</u>** ón fheirm:

**(i)** Titeann praghasanna na mairteola as a chéile de bharr imní faoi shábháilteacht an táirge sin.
**(ii)** Méadú suntasach ar chostaisí an tsoláthair chruithneachta.
**(iii)** Laghdú ar an bharr chruithneachta de thoradh na drochaimsire.

(Féadann tú léaráidí a úsáid le gearr-mhíniú a thabhairt ar chuid (c)).

(25 marc)

**[75 mharc]**

**3.** **(a)** Luaigh <u>agus</u> mínigh **<u>DHÁ</u>** chúis le rátaí íoctha éagsúla a bheith ar jabanna éagsúla.

(20 marc)

**(b)** Do rogha **<u>DHÁ CHEANN</u>** díobh seo - abair cén tionchar a bhíonn acu ar **'soláthar lucht saothair'** sa gheilleagar.

- leibhéal na dtuarastal atá á thairiscint sa gheilleagar.
- gnáth-fhad na seachtaine oibre
- leibhéal an leasa shóisialaigh iníoctha do dhaoine dífhostaithe
- céatadán na ndaoine sa gheilleagar ag freastal ar oideachas tríú leibhéil.

(20 marc)

**(c)** Tá easnamh oibrithe in earnálacha éagsúla ag tarlú in Éirinn anois. Maidir leis an ráiteas sin, freagair **<u>DHÁ</u>** cheist díobh seo:

**(i)** Luaigh <u>agus</u> mínigh fáth **<u>AMHÁIN</u>** leis an easnamh seo a bheith ag tosnú.
**(ii)** Cén tionchar a mbeifí ag súil leis ar an leibhéal tuarastail? Mínigh do fhreagra.
**(iii)** Luaigh <u>agus</u> mínigh beart **<u>AMHÁIN</u>** indéanta ag an rialtas chun an cúrsa seo a chur ar mhalairt treo.

(20 marc)

**(d)** Cén tionchar ar chúrsaí fostaíochta a bhíonn ag infheistíocht chaipitil i gcomhlacht?

(15 mharc)

**[75 mharc]**

**4.** **(a)** Tá "mór-rath gheilleagair" ar eacnamaíocht na hÉireann faoi láthair. Luaigh agus mínigh an tionchar atá ag an tarlú seo ar **DHÁ CHEANN** díobh seo:

**(i)** leibhéal na dífhostaíochta in Éirinn
**(ii)** Comhardú na nÍocaíochtaí (ar Chuntas Reatha)
**(iii)** An Rannóg Reatha de Bhuiséad an Rialtais

(20 marc)

**(b)** Agus fás geilleagrach ar siúl, ní bhíonn an sciar comhionann chéanna den saibhreas méadaithe ag gach uile grúpa nó dream.

**(i)** Luaigh agus mínigh beart fiúntach **AMHÁIN** ag an Rialtas, a chuideodh leis an saibhreas a ath-dháileadh.
**(ii)** Luaigh buntáiste eacnamaíochta **AMHÁIN** agus míbhuntáiste eacnamaíochta **AMHÁIN** de thoradh ar an saibhreas méadaithe seo a bheith ath-dháilte go cothrom.

(20 marc)

**(c)** Is minic brú boilscithe san eacnamaíocht i gcomhar le rátaí arda fhás eacnamaíocht.

**(i)** Mínigh go hachomair cén fáth go mbeifí ag súil le hardú praghsanna nuair a bheadh mór-rath ar an eacnamaíocht.
**(ii)** Cad atá déanta ag an Rialtas agus ag na Páirtnéirí Sóisialta chun cabhrú le hEacnamaíocht na hÉireann an boilsciú a cheansú?

(20 marc)

**(d)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis atá leis an mhéadú mór ar phraghsanna tithíochta - i bhfad níos airde ná gnáth-leibhéal na bpraghsanna - in Éirinn, le déanaí.

(15 marc)
**[75 mharc]**

**5.** **(a)** Is iad na saintréithe atá ag **'airgead'** ná: Inroinnte, Inghlactha go ginearálta, Iniompraithe.

**(i)** Mínigh **DHÁ** thréith ag a bhfuil línte fúthu lastuas.
**(ii)** Abair go hachomair céard is brí le Babhtáil.
**(iii)** Mínigh fadhb **AMHÁIN** a bheadh ag eascair as soláthar an airgid a bheith níos mó ná an soláthar earraí agus seirbhisí sa Gheilleagar.

(25 mharc)

**(b)** Séard atá sa ráta úis ná 'an praghas atá ar airgead'. Má mhéadaíonn an ráta úis, luaigh agus mínigh cén tionchar a bheadh ag an tarlú úd ar na nithe seo:

**(i)** ar Lucht Choigilte
**(ii)** ar Lucht Iascachtaí
**(iii)** ar Lucht Easportála.

(20 marc)

**(c)** Beidh go leor des na ballstáit san AE ag ullmhú céim ar chéim don EURO, airgeadra singealta nua na hEorpa, gan mhoill.

**(i)** Luaigh agus mínigh tionchar **AMHÁIN** ag an airgeadra nua, an Euro, ar **THRÍ CHINN** díobh seo:
- ar an tionscal turasóireachta
- ar thrádáil idirnáisiúnta idir na stáit atá i gceist sa socrú
- ar chumhachtaí Bhanc Cheannais na hÉireann chun smacht a bheith acu ar rátaí úis
- ar chumas na dtomhaltóirí comparáid a dhéanamh ar phraghsanna tríd an AE.

**(ii)** Níl an Bhreatain ina ball den chóras EURO faoi láthair. Luaigh agus mínigh slí **AMHÁIN** ina bhféadfadh tionchar dá bharr san a bheith ar thrádáil na hÉireann.

(30 marc)
**[75 mharc]**

**6.** **(a)** Dearc go cúramach ar na figiúirí seo a bhaineann le geilleagar sa bhliain 1999:

| | £.Billiún |
|---|---|
| • Allmhairí dofheicthe........................................………… | 10 |
| • Onnmhairí sofheicthe......................................………… | 40 |
| • Onnmhairí dofheicthe.......................................………... | 8 |
| • Allmhairí sofheicthe........................................………... | 30 |

Bain úsáid as na figiúirí úd chun iad seo a ríomhadh:

**(i)** Comhardú na Trádála

**(ii)** Comhardú na Trádála Dofheicthe

**(iii)** Comhardú na nÍocaíochtaí (ar Chuntas Reatha)
(Léirigh i ngach cás do chuid oibre ar fad agus abair cé acu a léirítear sa fhreagra - **barrachas** nó **easnamh**).

(20 marc)

**(b)** Freagair do rogha **DHÁ** cheist anseo, agus bíodh míniú gairid leis na freagraí:

**(i)** Léirigh an difir idir onnmhairí sofheicthe agus onnmhairí dofheicthe agus luaigh sampla **AMHÁIN** i **ngach** cás.

**(ii)** Cén tionchar a bheadh ag laghdú na dífhostaíochta ar Chomhardú na Trádála in Éirinn?

**(iii)** Má ardaíonn an ráta boilscithe in Éirinn thar ráta boilscithe na bpáirtnéirí trádála, cad é an tionchar ar Chomhardú na Trádála?

(25 marc)

**(c)** Dar le Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh, is féidir le speisialtóireacht táirgeacht an domhain a mhéadú.

**(i)** Cén bhrí atá ag 'speisialtóireacht' i gcomhthéacs na trádála idirnáisiúnta?

**(ii)** Ní bhíonn bac chomh mór sin ar ghluaiseacht earraí ó thír go tír má laghdáitear na constaicí trádála. Dá thoradh san ar Éirinn, luaigh **DHÁ** bhuntáiste eacnamaíochta agus **AON** mhíbhuntáiste eacnamaíochta.

**(iii)** Mínigh go hachomair slí **AMHÁIN** gur féidir le tír cur isteach ar shaor-thrádáil idirnáisiúnta.

(30 marc)

**[75 mharc]**

**7.** **(a)** An fhoirmle don Ioncam Náisiúnta ná:

(Y) = C + I + G + X - M.

**(i)** Mínigh an chiall atá ag **gach aon cheann** des na siombail.

**(ii)** Tóg do rogha **DHÁ** mhír chaiteachais. Luaigh agus mínigh athrú **AMHÁIN** sa leibhéal i ngach ceann acu.

(20 marc)

**(b)** Luaigh **TRÍ** phríomh-chuspóir eacnamaíochta dá bhfuil ag an Rialtas.

(10 marc)

**(c)** Chun na cuspóirí eacnamaíochta a bhaint amach tá na húirlisí seo leanas ag an Rialtas:

- Beartas Fioscach
- Beartas Airgeadais
- Pleanáil Gheilleagair (m.sh. Páirtnéireacht 2000)

**(i)** Gearrnótaí a bhreacadh ar **DHÁ CHEANN** des na húirlisí úd.

**(ii)** Luaigh agus mínigh conas mar atá úsáid bainte ag an Rialtas as **DHÁ CHEANN** ar bith díobh seo chun a gcuspóirí a bhaint amach. (20 marc)

**(d)** Tá iliomad deacrachtaí ag na Tíortha Tearcfhorbartha (UDCs) d'fhonn fás geilleagrach a bhaint amach.

**(i)** Nóta gearr ar an slí ina bhféadfadh rialtaisí dá short úsáid a bhaint as **AON** cheann des na húirlisí eacnamaíochta úd, i gcóir mhéadú fáis.

**(ii)** Tabhair cuntas gearr ar **DHÁ** bheart cabhrach a bheadh indéanta ag na rialtaisí sa domhan forbartha, chun fás níos fearr a chothú ins na Tíortha Tearcfhorbartha.

(25 mharc)

**[75 mharc]**

**8.** **(a)** Tá claonadh suntasach ann le blianta beaga anuas, go bhfuil comhlachtaí ag teacht le chéile (teacht le chéile in aon mhór-chomhlacht amháin atá i gceist). Maidir leis an tarlú úd freagair na ceisteanna seo:

**(i)** Luaigh agus mínigh **AON** bhuntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** don chomhlacht atá éirithe níos mó.

**(ii)** Luaigh agus mínigh buntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** agus míbhuntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** don tomhaltóir.

**(iii)** Mínigh go hachomair tionchar eacnamaíoch **AMHÁIN** ar na fostaithe ins na comhlachtaí atá i gceist.

(30 marc)

**(b)** **(i)** Céard is brí le **Infreastructúr** (nó Bonneagar)? Luaigh **DHÁ SHAMPLA**, earraí nó seirbhísí, go bhfuil baint acu le gnáth-chiall an infreastructúir.

**(ii)** Fáth **AMHÁIN**, dar leat, go bhfuil tábhacht chomh mór sin ag an infreastructúr do dhul chun cinn an gheilleagair.

**(iii)** Luaigh go beacht limistéar amháin d’infreastructúir na hÉireann ina bhfuil géarghá le tuilleadh infheistíochta faoi láthair; tabhair fáthanna le do rogha, go gairid.

(25 mharc)

**(c)** **(i)** Mínigh an bhrí atá ag **'fiontraíocht'**.

**(ii)** Slí **AMHÁIN**, dar leat, ina mbeadh fiúntas níos mó do gheilleagar na tíre seo ag infheistíocht ó fhoinse in Éirinn seachas ó fhoinsí thar lear.

**(iii)** Slí **AMHÁIN**, dar leat, ina mbeadh fiúntas níos mó do gheilleagar na tíre seo ag infheistíocht ó fhoinsí thar lear seachas ó fhoinse in Éirinn.

(20 marc)

**[75 mharc]**